C/2026/5093

30.9.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12635 — ITOCHU / DENTSU / DENTSU SOKEN)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5093)

1. An 23 Meán Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— ITOCHU Corporation ('ITOCHU', An tSeapáin),

— Dentsu Group Inc. ('Grúpa Dentsu', an tSeapáin),

— Dentsu Soken Inc. ('Dentsu Soken', an tSeapáin), atá faoi rialú aonair deiridh Dentsu Group faoi láthair.

Gheobhaidh ITOCHU agus Dentsu Group rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Dentsu Soken ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 31 Lúnasa 2026.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta trádála agus infheistíochta é ITOCHU a oibríonn in earnálacha na seirbhísí teicstíle, innealra, miotal agus mianraí, fuinnimh agus ceimiceán, bia, táirgí ginearálta agus eastáit réadaigh, teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus airgeadais.

— Tá speisialtóireacht ag Dentsu Group san fhógraíocht agus sa chumarsáid ar fud an domhain.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Dentsu Soken: soláthar seirbhísí TF agus comhairliúcháin, lena n-áirítear comhtháthú córas, comhairliúchán TF, forbairt bogearraí, seachfhoinsiú próiseas gnó agus réitigh claochlaithe dhigitigh, go príomha sa tSeapáin.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12635 — ITOCHU / DENTSU / DENTSU SOKEN

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË